13 Meán Fómhair 2018

Eisíodh cinneadh don iarratas um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta d'fhorbairt chónaithe ag Coláiste Naomh Pól, Bóthar Chnoc Shibéal, Rath Éanna, BÁC 5.

Tagairt Cáis: ABP-302225-18

Dhiúltaigh An Bord Pleanála cead don fhorbairt bheartaithe a bhaineann le 104 theach agus 432 árasán, mar a chuireadh isteach ag Crekav Trading GP Limited.

Tabhair faoi deara go dtugadh cead pleanála don fhorbairt bheartaithe roimhe seo ón mBord Pleanála ar an 3 Aibreán 2018; neamhníodh an bhreith seo ina dhiaidh sin, áfach, faoi ordú na hArd-Chúirte dátaithe 1 Lúnasa 2018 agus cuireadh ar ais chuig an mBord Pleanála é le haghaidh cinnidh nua.

Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird (Ordú Boird, Treoir an Bhoird) ar fáil ar an leathanach cáis ag an nasc seo a leanas:

- Leathanach cáis d'ABP-302225-18

Tá Tuairisc an Chigire ar fáil ar an leathanach ABP-300599-18

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.